C/2024/5456

11.9.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/5456)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Ribeira Sacra'

PDO-ES-A1128-AM04

Dáta na teachtaireachta: 17 Meitheamh 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. ATHRUITHE AR THEORAINNEACHA NA bPARAIMÉADAR ANAILÍSEACH

Tuairisc:

— laghdaítear an aigéadacht iomlán íosta ó 4,5 gram go 4 ghram d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir, i gcás na gcineálacha fíona uile.

— méadaítear an aigéadacht luaineach uasta: ó 0,70 go 0,80 gram d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga óga; ó 1,00 go 1,20 gram d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga aosaithe (Barrica agus Garda); agus ó 1,00 go 1,08 gram d'aigéad aicéiteach in aghaidh an lítir i gcás fíonta geala aosaithe.

— méadaítear an uasteorainn le haghaidh sulfair: ó 120 go 150 milleagram in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga óga agus ó 140 go 150 milleagram in aghaidh an lítir i gcás fíonta dearga aosaithe (Barrica agus Garda); ó 120 go 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás fíonta *rosé*; agus ó 160 go 200 milleagram in aghaidh an lítir i gcás na bhfíonta geala uile, idir óg agus aosaithe (Barrica agus Garda).

Déanann an leasú sin difear do phointe 2.a den tsonraíocht táirge agus do phointe 4 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha.

Cúis

Is é an t-údar atá leis na hathruithe an gá atá ann luachanna pharaiméadair anailíseacha na bhfíonta a oiriúnú don staid reatha, ós rud é go bhfuil na luachanna sin beagnach gan athrú leis an 30 bliain, beagnach, atá an t-ainmniúchán tionscnaimh sin ar marthain.

Is léir an treocht atá ag teacht chun cinn, treocht a bhaineann leis an athrú aeráide, is é sin fíonta a tháirgeadh a bhfuil neart alcóil níos airde iontu, rud a d'fhág go raibh athruithe ar pharaiméadair anailíseacha eile, go háirithe aigéadacht iomlán agus aigéadacht luaineach.

Ní mór dúinn na hathruithe ar an gcaoi a dtáirgtear na fíonta a chur san áireamh freisin. D'ainneoin go bhfuil siad óg, tá fíonta á ndéanamh atá ag caitheamh níos mó agus níos mó ama i ndabhcha, fiú nuair a chuirtear blianta fíona i gcomparáid le chéile, i gcomparáid leis an am a chuaigh thart, tráth nach gcaitheadh na fíonta mórán ama i ndabhcha de ghnáth. Dá bhrí sin, ní mór dúinn an aigéadacht luaineach a mhéadú agus an aigéadacht iomlán a laghdú, agus na luachanna dé-ocsaíde sulfair a mhéadú chun aigéadacht luaineach iomarcach a sheachaint.

2. TAGAIRTÍ REACHTACHA ÁIRITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc:

— Maidir leis an méid iomlán siúcra, athraítear an tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 607/2009 go dtí an leagan atá i bhfeidhm faoi láthair a cuireadh ina ionad, is é sin Rialachán (AE) 2019/33.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

— An tagairt do Ghníomh 2/2005, an 18 Feabhra 2005, maidir le cáilíocht bhia na Gailíse a chur chun cinn agus a chosaint, athraítear í go dtí an leagan atá i bhfeidhm faoi láthair a cuireadh ina ionad, is é sin Gníomh 1/2024, an 11 Eanáir 2024, maidir le cáilíocht bhia na Gailíse. Déantar an tagairt do tharmligean rialuithe a oiriúnú dá réir, ar bhonn na reachtaíochta nua.

Baineann an leasú sin le pointí 2 agus 9 den tsonraíocht táirge agus ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Leasaítear an tsonraíocht chun tagairtí reachtacha áirithe a thabhairt cothrom le dáta. Níl aon athrú substainteach i gceist leis sin.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Ribeira Sacra

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. FÍON DEARG: Fíonta dearga 'Ribeira Sacra' ar a bhfuil an tásc 'Súmmum' agus fíonta dearga 'Ribeira Sacra'

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta dearga 'Ribeira Sacra' ar a bhfuil an tásc 'Súmmum':

— Cuma: glan gléineach; déine datha idir measartha agus ard; caordhearg go deargchorcra.

— Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha caor dearg (torthaí na foraoise) nó clochthorthaí dearga (ceann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

— Blas: léiritheach; caora dearga nó clochthorthaí dearga (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad); cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus géire; iarbhlas fada.

Fíonta dearga 'Ribeira Sacra': - Cuma: glan gléineach; déine datha idir measartha agus ard; caordhearg go deargchorcra. - Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha caor dearg (torthaí na foraoise) nó clochthorthaí dearga (ceann amháin de na catagóirí sin ar a laghad). - Blas: léiritheach; caora dearga nó clochthorthaí dearga (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad); cothromaíocht idir alcól, aigéadacht agus géire; iarbhlas fada.

* I gcás gach luacha nach bhfuil thíos, ní mór go gcomhlíonfaidh na fíonta an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):—

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

2. FÍON GEAL: Fíonta geala ‘Ribeira Sacra’ ar a bhfuil an tásc ‘Súmmum’

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

— Cuma: glan gléineach; idir buí éadrom agus buí órga. - Dea-bholadh: léiritheach, bolaithe torthaí úlloird (úlla, piorraí agus clochthorthaí a bhfuil bia bán iontu)

— Blas: léiritheach; dea-bholaithe torthaí úlloird; cothromaíocht idir alcól agus aigéadacht; iarbhlas fada.

* I gcás gach luacha nach bhfuil thíos, ní mór go gcomhlíonfaidh na fíonta an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

3. FÍON DEARG: Fíonta dearga ‘Ribeira Sacra’ ar a bhfuil an tásc ‘Súmmum Barrica’ agus fíonta dearga ‘Ribeira Sacra’ ar a bhfuil an tásc ‘Súmmum Garda’

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Chomh maith leis na ceanglais thuas a chomhlíonadh le haghaidh gach cineáil fíona, ionas go bhféadfar fíonta a mhargú mar *Barrica* [‘bairille’], ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith acu freisin:

— Dea-bholadh: spíosraí, adhmad nó dair (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

— Blas: spíosraí, adhmad nó dair (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

* I gcás gach luacha nach bhfuil thíos, ní mór go gcomhlíonfaidh na fíonta an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

4. FÍON GEAL: Fíonta geala ‘Ribeira Sacra’ *Barrica* agus fíonta geala ‘Ribeira Sacra’ *Garda*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Chomh maith leis na ceanglais thuas a chomhlíonadh le haghaidh gach cineáil fíona, ionas go bhféadfar fíonta a mhargú mar *Barrica* [‘bairille’], ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith acu freisin:

— Dea-bholadh: spíosraí, adhmad nó dair (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

— Blas: spíosraí, adhmad nó dair (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

* I gcás gach luacha nach bhfuil thíos, ní mór go gcomhlíonfaidh na fíonta an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

5. FÍON *ROSÉ*: Fíonta *rosé* 'Ribeira Sacra' ar a bhfuil an tásc 'Súmmum'

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

— Cuma: glan gléineach; déine datha idir íseal agus measartha; idir bándearg éadrom agus caordhearg.

— Dea-bholadh: bolaithe torthaíocha thorthaí na foraoise nó clochthorthaí dearga (ceann amháin de na catagóirí sin ar a laghad).

— Blas: léiritheach; torthaí na foraoise nó clochthorthaí dearga (dea-bholaithe ó cheann amháin de na catagóirí sin ar a laghad); cothromaíocht idir alcól agus aigéadacht; iarbhlas fada.

* I gcás gach luacha nach bhfuil thíos, ní mór go gcomhlíonfaidh na fíonta an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 11,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Ní fhéadfaidh an táirgeacht a bheith níos mó ná 69 lítear d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora, agus 40 lítear d'fhíon in aghaidh 100 kg d'fhíonchaora i gcás fíonta rosé. - Chun an téarma *Barrica* a úsáid, ní mór fíonta a aosú i mbairillí adhmaid, agus na ceanglais seo a leanas maidir le híostréimhsí aosaithe agus uastoirteanna á gcomhlíonadh:

— Fíonta dearga: 6 mhí ar a laghad i mbairillí ag a bhfuil uastoilleadh 500 l;

— Fíonta geala: 3 mhí ar a laghad i mbairillí ag a bhfuil uastoilleadh 600 l.

— Chun an téarma *Garda* a úsáid [lena dtagraítear d'fhíonta a 'choimeád' nó a 'stóráil'], ní mór fíonta a aosú ar feadh 7 mí ar a laghad i gcás fíonta dearga agus 4 mhí i gcás fíonta geala i ndabhcha atá déanta as adhmad, coincréit nó – cé is moite de chruach agus poileistear – ábhair eile atá údaraithe faoi dhlí an bhia, ábhair a chomhlíonann na ceanglais toirte seo a leanas:

— I gcás fíonta dearga:

— dabhcha adhmaid ag a bhfuil toilleadh idir 225 l agus 10 000 l;

— dabhcha atá déanta as coincréit nó ábhair eile ag a bhfuil toilleadh suas le 5 000 l.

— I gcás fíonta geala:

— dabhcha adhmaid ag a bhfuil toilleadh idir 225 l agus 8 000 l;

— dabhcha atá déanta as coincréit nó ábhair eile ag a bhfuil toilleadh suas le 5 000 l.

2. Srian maidir le fíonóireacht

— Meastar gurb iad na cineálacha fíonchaor dearg Mencía, Brancellao, Merenzao, Sousón, Caíño Tinto, Caíño Longo agus Caíño Bravo agus na cineálacha fíonchaor geal Godello, Loureira, Treixadura, Dona Branca, Albariño, Torrontés, Branco Lexítimo agus Caíño Blanco na cineálacha tosaíochta nó na príomhchineálacha, agus ní mór gurb iad 85 % ar a laghad de chomhdhéanamh fíonta a bhfuil an tásc 'Súmmum' orthu. Fíonta dearga nach gcuirtear ar an margadh agus a bhfuil an tásc 'Súmmum' orthu, ní mór 70 % Mencía ar a laghad a bheith iontu.

— Ní cheadaítear fáisceáin leanúnacha ná fáisceáin lártheifeacha ardluais a úsáid.

— Ní cheadaítear an teirmifhíonóireacht, is é sin fíonchaora a réamhthéamh nó úrfhíon nó fíon a bhfuil an marc fós ann a théamh chun dath a eastóscadh.

— Agus fíonta *rosé* 'Ribeira Sacra' á ndéanamh, ní fhéadfaidh an tréimhse teagmhála craicinn a bheith níos faide ná 48 n-uair an chloig.

— Ní féidir sliseanna darach a úsáid le linn na fíonóireachta ná i bpróisis ina dhiaidh sin.

3. Cleachtas saothraithe

— Ní mór a bheith an-chúramach agus na fíonchaora á mbuain, ní mór iad a phiocadh go hiomlán de láimh agus a chur i gcliathbhoscaí arna n-údarú ag an mBord Rialála. Ní fhéadfar ach fíonchaora atá fónta agus aibí go leor a úsáid chun na fíonta faoi chosaint a dhéanamh.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor dearg

9 500 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor dearg

65,55 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíonchaor geal

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha fíonchaor geal

82,80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Is éard atá sa limistéar críochaithe cúig fholimistéar lena gcumhdaítear codanna de na bardais seo a leanas:

— Folimistéar Amandi: Sober agus Monforte de Lemos;

— Folimistéar Chantada: Portomarín, Taboada, Chantada, Carballedo agus A Peroxa;

— Folimistéar Quiroga-Bibei: Monforte de Lemos, A Pobra de Brollón, Quiroga, Ribas de Sil, a Pobra de Trives, Manzaneda agus San Xoán de Río;

— Folimistéar Ribeiras do Miño: Paradela, O Saviñao, Pantón, Sober agus Monforte de Lemos;

— Folimistéar Ribeiras do Sil: A Teixeira, Parada do Sil, Castro Caldelas agus Nogueira de Ramuín.

Tá na bardais sin scaipthe ar fud chúigí Lugo agus Ourense i bPobal Féinrialaitheach na Gailíse.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBARIN BLANCO - BRANCO LEXITIMO

ALBARIÑO

BRANCELLAO

CAÍÑO BLANCO

CAÍÑO BRAVO

CAÍÑO LONGO

CAÍÑO TINTO

DOÑA BLANCA - DONA BRANCA

GARNACHA TINTORERA

GODELLO

GRAN NEGRO

JUAN GARCÍA - MOURATÓN

LOUREIRA - LOUREIRO BLANCO

MENCÍA

MERENZAO

SOUSÓN

TEMPRANILLO

TORRONTÉS

TREIXADURA

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Príomhthréith na bhfíonta sin is ea an cleachtas fásta fíniúnacha ar a dtugtar *viticultura heroica* [fíonsaothrú laochais], ina bhfástar fíniúnacha ar leicne cnoic léibheannaithe géara a fhágann tírdhreach antrapaigineach iontach. Tá go leor miocraeráidí ann i ngeall ar an leagan amach tírdhreacha sin. Dá bhrí sin, tá an rogha maidir le hairde na bhfíniúnacha agus an treo a dtugann siad aghaidh air ríthábhachtach chun a áirithiú go n-aibíonn na fíonchaora i gceart. Thairis sin, is cineálacha dúchasacha sa limistéar iad na fíonchaora a úsáidtear, tríd is tríd. Roghnaigh fíonsaothraithe iad leis na céadta blianta agus chuaigh siad in oiriúint don aeráid agus ithir áitiúil. Is fíonta dearga den chuid is mó a tháirgtear sa limistéar, agus is é Mencía an cineál is fairsinge. Bíonn na fíonta torthaíoch, le dath caordhearg agus aigéadacht chothrom.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is leicne cnoic géara den chuid is mó atá sa limistéar táirgthe, rud a fhágann go bhfuil sé deacair fíonlanna a thógáil. Dá bhrí sin, féadfar na fíonta a dhéanamh i bhfíonlanna atá tógtha ar thalamh atá suite i roinnt paróistí atá cóngarach don limistéar táirgthe, sna folimistéir agus bardais seo a leanas:

Amandi: Sober;

Chantada: Carballedo, A Peroxa, Portomarín, Taboada agus Chantada;

Ribeiras do Miño: Pantón agus O Saviñao;

Ribeiras do Sil: A Teixeira agus Castro Caldelas.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na fíonta a phacáistiú ag an bhfoinse. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh iompar agus buidéalú an fhíona lasmuigh den limistéar fíonóireachta a cháilíocht i mbaol, mar gheall go bhféadfadh ocsaídiúcháin agus dí-ocsaídiúcháin, éagsúlacht teochta agus tionchair eile difear a dhéanamh dó. Dá fhaide a thaistealaíonn an fíon, is ea is mó an riosca. Trí bhuidéalú a dhéanamh sa limistéar tionscnaimh is féidir saintréithe agus cáilíocht an táirge a chaomhnú.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór na carachtair a úsáidtear chun ainm an ainmniúcháin tionscnaimh a thaispeáint a bheith 4 mm ar airde ar a laghad. Tá ainm an fholimistéir agus an chineáil le léiriú trí úsáid a bhaint as carachtair nach mó ná leath d'airde na gcarachtar a úsáidtear le haghaidh ainm an ATFC.

Tá sé éigeantach an trádmharc a úsáid. Má dhéantar na fíonta a lipéadú le trádmharcanna a úsáidtear le haghaidh ainmniúcháin tionscnaimh eile freisin, ní mór an t-ainm 'Ribeira Sacra' a bheith sa réimse radhairc céanna leis an trádmharc agus a bheith a trí oiread níos mó ná é ar a laghad. Ní mór an t-ainm 'Ribeira Sacra' a bheith le feiceáil ar an gcúlra céanna agus sa stíl litreoireachta chéanna leis an trádmharc sin.

Ní mór lipéad tánaisteach uimhrithe, lena n-áirítear lógó an ainmniúcháin tionscnaimh, a ghreamú de na buidéil uile.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://agacal.xunta.gal/sites/default/files/calidade-alimentaria/vinos/PC-Ribeira-Sacra-mayo-2024_ES.pdf